

Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht



STRAITÉIS | 2022 - 2024

Clár na n-ábhar

- 03 Brollach
- 04 Réamhrá
- 05 Forbhreathnú ar an Éagsúlacht i Coillte
- 06 Céard is ciall le Éagsúlacht i Coillte
- 07 Comhthéacs d'Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht
- 08 Ár bhFís agus Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha
- 10 Cuspóirí Straitéiseacha
- 11 Plean Gníomhaíochta
- 12 Creat Reachtaíochta Reachtúil

Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht

STRAITÉIS | 2022 - 2024



Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



le Imelda Hurley | Príomhfheidhmeannach

Is í fíis Choillte todhcháí inbhuanaithe a sheachadadh do chách trí thairbhí iolracha na foraoiseachta a sheachadadh; foraoisí don aeráid, adhmaid, nádúr agus do dhaoine. Trí na tairbhí iolracha seo a chothromú, tacófar le réitigh a sholáthar ar dhúshláin ár linne, lena n-áirítear an éigeandáil aeráide, géarchéim na bithéagsúlachta agus soláthar tithe inbhuanaithe.

Rud amháin atá cinnte is ea nach féidir seachadadh ár bhfíis a bhaint amach trí pheirspictíocht nó meon aonair. Is fíric é go ndéanann eagraíochtaí cuimsitheacha a bhfuil éagsúlacht dearthaí agus taithí iontu cinntí níos fearr agus go bhfeidhmíonn siad níos fearr ar deireadh. Mar sin, is fearr fíis Choillte a sheachadadh trína chinntiú go bhfuil fórsa saothair fíor-ilghnéitheach, cuimsitheach agus cothromasach againn, agus trí chultúr muintearas a chruthú ina mothaíonn gach duine go n-éistfeair leo, go bhfuil meas orthu agus go bhfuil an chumhacht acu rannchuidiú go hiomlán.

Táim tiomanta dár gclár Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe, ní amháin toisc go bhfuil sé go maith do Choillte agus go gcabhróidh sé linn ár n-uaimhianta a bhaint amach, ach chomh tábhachtach céanna, toisc gurb é an rud ceart é a dhéanamh. I gcomhthéacs an chúlra seo, leanfaimid lenár gcuid oibre i dtreo cultúr fíor-chuimsitheach a thógáil, cultúr ina lorgaimid tallainne ilghnéitheach, ina n-éistimid le dearthaí éagsúla ár gcomhghleacaithe, agus ina n-urramaítear gach dearcadh a ardaítear. De réir taithí saoil, má ghlacann tú céimeanna chun cinn gach lá, is iontach an áit ar féidir leat a bhaint amach – tá a fhios agam gur aistear é ár gclár Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe, is é an rud is tábhachtaí ná go bhfuilimid ar an mbóthar agus go mbeimid na céimeanna cearta a ghlacadh, dul chun cinn maith a dhéanamh sna blianta amach romhainn. Bí linn ar an aistear seo le do thoil chun na Coillte is fearr is féidir a chumasú, ceann atá éagsúil, cuimsitheach agus cothrom.

Go raibh maith agat.






Réamhrá

Teachtaireacht thar ceann an Choiste um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht

Ó cruthaíodh an Coiste um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht in 2018, a dhéanann ionadaíocht ar chomhghleacaithe ó gach cuid de Ghrúpa Choillte agus ó gach leibhéal san eagraíocht, tá aitheantas tugtha againn don tábhacht a bhaineann le hionad oibre atá oscailte, éagsúil agus cuimsitheach a bheith aitheanta againn agus inar féidir le gach duine iad féin in iomláine a thabhairt leo go dtí an obair.

Cabhróidh ár Straitéis nua Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsitheachta le treoir a thabhairt dúinn go léir ionas gur féidir linn éagsúlacht agus uathúlacht ár gcomhghleacaithe, conraitheoirí agus custaiméirí a aithint agus a cheiliúradh. Táimid infheistithe go pearsanta chun taithí gach duine ar oibríonn le Coillte a bheith ina eispéreas a bhfuil cuimsitheacht, meas agus muintearas ann.

Déanfar Straitéis Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsitheachta Choillte a sheachadadh trí phlean gníomhaíochta a mbeidh roinnt tascanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha ag baint leis. Tá an Coiste um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht tiomanta do sheachadadh an Phlean Gníomhaíochta ag díriú ar na príomhréimsí Beartais, Oilíúna, Cumarsáide agus Ardán a sholáthar do Ghuthanna Inmheánacha agus do Ghuthanna Seachtracha. Déanfaidh an Coiste um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht monatóireacht agus luacháil ar thionchar an Phlean Gníomhaíochta seo ar bhonn bliantúil, agus tuairisceoidh sé air sin i dtuarascáil bhliantúil Choillte amach anseo.





Forbhreathnú ar an Éagsúlacht i Coillte


Tá Coillte ag feidhmiú le breis agus 30 bliain agus tá sí freagrach as 440,000 heicteár de thailte, atá foraoisithe go príomha, agus as buntáistí iolracha na bhforaoisí sin a sheachadadh. Faoi láthair tá 850 duine fostaithe againn agus tá ár n-eagraíocht comhdhéanta de thrí rannán: Foraoisí Choillte, Réitigh Talún, agus MEDITE SMARTPLY. In ainneoin go bhfuil traidisiúin fhada agus eiticí oibre láidir againn - is eagraíocht scaipthe sinn le go leor micrea-chultúir ar fud codanna éagsúla dár ngnó. Le blianta beaga anuas, tá claoclú suntasach tagtha orainn. Tá éagsúlacht na n-earcach nua méadaithe go seasta againn; tá roinnt athruithe sofheicthe tagtha orainn freisin i gcultúr na cuideachta. In 2018, bhunaíomar Coiste um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht a bhí le ceithre bliana anuas ag cur feasachta ar éagsúlacht agus cuimsitheacht chun cinn go gníomhach trí raon leathan tionscnamh.

Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta againn go dtí seo, aithnímid go bhfuil níos mó le déanamh agus go bhfuil roinnt dúshlán inmheánach agus seachtrach ann nach mór dúinn aghaidh a thabhairt orthu mar:

- Sonraí níos mionsonraithe a fháil ar dhéimeagrafaic chomhghleacaithe Choillte.
- Comhthuisctint a fhorbairt san eagraíocht maidir le hÉagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht a thugann eolas ar conas a chuireann Coillte chun cinn agus a thacaíonn le fórsa oibre ilghnéitheach - beag beann ar aois, inscne, méid, claonadh gnéasach, bunús, creidimh reiligiúnacha, cúlra socheacnamaíoch, cumas nó míchumas; ina bhfaigheann gach duine comhdheiseanna.
- A chinntiú go ndéanann an earnáil foraoiseachta agus an tionscal ionadaíocht ar gach ball den tsochaí.
- Múnla ceannaireachta níos cuimsithí agus níos barántúla a fhorbairt.

- Acmhainní breise a leithdháileadh go straitéiseach chun Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht Choillte a chur i bhfeidhm go rathúil.
- Ceannachán a mhéadú ar fud na cuideachta agus ar gach leibhéal don Straitéis agus do thionscnaimh Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe.
- Ag scrúdú, ag plé agus ag obair i dtreo aon dúshlán chultúrtha a réiteach.

D'fhorbair Coiste Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe Choillte an doiciméad seo agus leagann sé amach ár straitéis trí bliana maidir le hÉagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht. Is é príomhchuspóir ár straitéise ionad oibre ilghnéitheach agus rannpháirteach a chumasú trí mhúnla ceannaireachta cuimsitheach a chur chun cinn a thógann ar ár bpríomhluach Meas. Tá sé beartaithe againn ár gculpóirí straitéiseacha a bhaint amach trí raon gníomhartha lena chinntiú gur féidir linn a bheith inár n-eagraíocht níos éagsúla agus níos cuimsithí. Agus an straitéis seo á cur i bhfeidhm againn, is é an aidhm atá againn a bheith soiléir agus trédhearcach maidir lenár ngníomhartha agus spriocanna; agus chun béim a leagan ar na háiteanna ina bhfuil sé ag obair go maith agus na háiteanna ina bhfuil gá le feabhsú. Cinnteoidh an oscailteacht seo go mbeidh ár bhfostaithe agus ár ngeallsealbhóirí in ann ionchur a bheith againn inár straitéis agus cinnteoidh sé go bhforbróidh sí le himeacht ama. De réir mar a dhéanaimid dul chun cinn i dtreo ár spriocanna agus de réir mar a fhaighimid tuiscint níos fearr ar ár n-éagsúlacht agus ár gcuimsitheacht féin, beidh muid á dtiomáint ag na príonsabail agus na gealltanais atá leagtha amach sa doiciméad seo.





Céard is ciall le Éagsúlacht i Coillte

Baineann éagsúlacht le léirthuisicint agus aitheantas a thabhairt do dhifríochtaí idir dhaoine ó thaobh aoise, inscne, eitneachais, reiligiún, míchumais, claonadh gnéis, oideachais, bunús náisiúnta, nó aon chineál eile difríochta. Baineann sé freisin lena chinntiú go lorgáítear, go gcloistear agus go n-ionchorpraítear na dearchtaí éagsúla seo i ngach gné dár ngnó. Léiríonn sé seo an tsochaí éagsúil ina mairimid.





Comhthéacs d'Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht

Tá na cuideachtaí is fearr feidhmíochta ag infheistiú i bhforbairt inbhuanaithe agus Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht. Tá níos mó éileamh á dhéanamh ag geallsealbhóirí freisin, agus tá sé seo á léiriú sa reachtaíocht mhéadaithe agus líon méadaitheach cuideachtaí a ghlacann Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna).

Tá níos mó i gceist le hÉagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht ná beartais, comhdheiseanna, nó imeachtaí rannpháirtíochta fostaithe. Baineann sé freisin le ceartas sóisialta, mothú muintearas agus sábháilteacht shíceolaíoch. Tacaíonn timpeallacht shábháilte, oscailte, thrédhearcach fáiltiúil le cultúr a ligeann do gach duine a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a bheith rathúil.

Rud cliste le déanamh is ea díriú ar chuimsitheacht. Léiríonn sonraí le déanaí* go bhfuil torthaí gnó níos airde á bhfáil ag fostóirí atá fíor-chuimsitheach a thuigeann luach sóisialta agus gnó an chomhionannais. Tuilleann ionaid oibre éagsúla agus cuimsitheacha muinín níos

doimhne agus níos mó tiomantais óna bhfostaithe. Tá seans níos fearr ag cuideachtaí a chothaíonn éagsúlacht agus a thugann meas ar riachtanais uathúla, dearcthaí agus acmhainneacht a bhfostaithe go léir brabús a uasmhéadú agus tionchar dearfach a imirt ar an sochaí.

Beidh sé seo níos tábhachtaí fós do Coillte don todhchaí, agus sinn ag obair i dtreo múnla gnó atá fíor-inbhuanaithe. Féadfaidh na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide, géarchéim na bithéagsúlachta, paindéim dhomhanda agus ceanglais rialála méadaithe cur le castacht an chaoi a ndéanaimid ár ngnó. Mar sin féin, le dúshláin tagann deiseanna uathúla i gcónaí. Chun fanacht lúfar, nuálaíoch agus athléimneach beidh orainn fórsa saothair cumasach oilte a bheidh in ann na deiseanna sin a aithint agus a stiúrfaidh an eagraíocht i dtreo réitigh inbhuanaithe forásacha. Trí chultúr níos cuimsithí a thógáil agus roghanna oibre solúbtha a thabhairt isteach ba mhaith linn timpeallacht a chruthú ina mothaíonn ár bhfostaithe reatha agus ionchasacha go léir fáilte rompu, ina mbíonn rath orthu agus inar féidir leo aontú lenár gcuspóir, lenár luachanna agus lenár bhfís gnó don todhchaí.

* "Diversity wins: How inclusion matters" Tuarascáil de chuid McKinsey & Company, 19 Bealtaine, 2020

Ár luachanna:

Freagracht

Meas

Simplíocht

CUMASÚ

Féachaint Amach





Ár bhFís agus Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha

Is í an fhís atá againn ná eagraíocht níos ilghnéithí agus níos cuimsithí a dhéanamh de Coillte a dhéanann ionadaíocht ar ár dtraidisiúin is fearr; ina bhfuil fáilte roimh aigne oscailte agus cultúr forásach a chuireann fáilte roimh ár bhfostaithe, úsáideoirí caitheamh aimsire, conraitheoirí agus custaiméirí. Tríd an straitéis seo a chur i bhfeidhm, ba mhaith linn timpeallacht a chruthú ina mbeidh rochtain chomhionann ag ár bhfostaithe go léir ar acmhainní agus deiseanna; go gcaitear go cothrom le gach duine le meas; agus is féidir le daoine a bheith ar a ndícheall agus iad ag tacú leis an eagraíocht a fíís iomlán agus a straitéis ghnó a bhaint amach.

Cabhróidh na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas linn an fhís seo a bhaint amach:



1. Ag Tógáil Feasachta

Tá feasacht ar éagsúlacht agus cuimsitheacht a ardú i measc fostaithe uile Choillte ríthábhachtach chun timpeallacht oibre níos cuimsithí a thógáil a thugann meas agus ceiliúradh ar ár ndifríochtaí ó thaobh eispéiris, cúlraí agus bealaí smaointeoireachta. Trí léiriú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oireann éagsúlacht agus cuimsitheacht laistigh dár bhfís agus dár luachanna, is féidir linn na hiompraíochtaí a thacaíonn leis na luachanna sin a leagan amach. Is féidir athruithe bunathraithe cultúrtha a bheith mar thoradh ar iompar cuimsitheach agus tionchar dearfach a bheith acu ar rannpháirtíocht fostaithe agus ar fholláine san ionad oibre; ach chomh maith, sa tslí a ndéanaimid idirghníomhú lenár gcustaiméirí, conraitheoirí agus geallsealbhóirí.



2. Béim ar Chuimsitheacht



Aithníonn Coillte go bhfuil cuimsitheacht mar bhunchloch le go gcruthófaí muintearas, ceangail agus pobail ag an obair. Is é an sprioc atá againn ná cultúr nua-aimseartha a chruthú atá fréamhaithe inár luachanna agus inár dtraidisiúin is fearr ach ag an am céanna forásach agus fáilteach roimh gach fostaí. Soláthraíonn ceannaireacht uilechuimsitheach, le tacaíocht ó bheartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha, timpeallacht inar féidir lenár bhfostaithe go léir a bheith ar a ndícheall agus taitneamh a bhaint as eispéireas comhsheasmhach ar fud na heagraíochta. Tá sé tábhachtach go mbeadh guth ag ár gcomhghleacaithe agus go mothaíonn siad gur féidir leo cur le rathúlacht agus le todhchaí na heagraíochta.



**MEDITE®
SMARTPLY®** |
INNOVATIVE TIMBER PRODUCTS

3. Píblíne Tallainne

Leanann Coillte ag athrú go suntasach mar eagraíocht. Tá sé ríthábhachtach d'ár rathúlacht talainne agus cumais nua a mhealladh. Chun seo a dhéanamh ní mór dúinn dul san iomaíocht mar fhostóir nua-aimseartha, éagsúil agus cuimsitheach. Trí chumas ilghnéitheach a thógáil ag baint úsáide as cur chuige cothrom agus cuimsitheach chun ceannairí agus fostaithe amach anseo a fhorbairt, beifear in ann torthaí eagraíochtúla níos fearr a bhaint amach.





Cuspóirí Straitéiseacha

Chun ár bhFís um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht a thabhairt beo, bunaíodh na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas:

- 1.** **Feasacht** ar chlaonadh neamhchomhfhiosach a chothú i measc fostaithe uile Choillte agus **tacú le tionscnaimh** a laghdaíonn tionchar diúltach an chlaonaidh ar chlár oibre éagsúlachta agus cuimsithe na heagraíochta. Féidearthacht le haghaidh torthaí eagraíochtúla níos fearr.
- 2.** Iompraíochtaí ceannaireachta níos sofheicthe agus níos barántúla a chur chun cinn a **chothaíonn folláine fostaithe** ag an obair agus a chruthaíonn eispéiris oibre níos comhsheasmhaí ar fud na bhfoirne agus na ranna gnó.
- 3.** Sonraí a bhailiú, spriocanna éagsúlachta a shocrú agus tuairisciú go poiblí chun **cuntasacht a chruthú** agus chun cur leis an méid a leanfar.
- 4.** **Éagsúlacht agus cuimsiú a cheiliúradh** plean cumarsáide a fhorbairt chun **imeascadh a spreagadh** i ngníomhaíochtaí laethúla agus chun feasacht a ardú ar chultúr dearfach Coillte go himmheánach agus go seachtrach.
- 5.** Treoirínnte agus tionscnaimh a fhorbairt chun **tacú le bainistíocht tallainne, le foghlaim agus le forbairt**, lena chinntiú go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus na cumais riachtanacha ag Coillte, chun a fhís, a straitéis ghnó a sheachadadh agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán amach anseo.





Plean Gníomhaíochta

Déanfar straitéis Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsitheachta Choillte a sheachadadh trí Phlean Gníomhaíochta um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheachta a liostaíonn roinnt tascanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha faoi cheann de na catagóirí seo a leanas:

- Beartas
- Oiliúint
- Cumarsáid
- Ardán do Ghuthanna Inmheánacha agus Seachtracha

Is é an Coiste um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht a bhainistíonn cur i gcrích an Phlean Gníomhaíochta. Déantar athbhreithniú ar gach gníomh ar bhonn míosúil chun leanúnachas dul chun cinn a chinntiú. Déanfar tionchar an Phlean Gníomhaíochta a mheas ar bhonn bliantúil agus nochtfar é i dtuarascáil bhliantúil Choillte amach anseo.





Creat Reachtaíochta Reachtúil

Oibríonn fostaithe Choillte i roinnt tíortha éagsúla, agus cloímid le creataí reachtaíochta ábhartha uile na dtíortha ina n-oibrímid. Glacaimid leis an Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine a fheiceann an chomhionannas mar bhunphrionsabal i dtéarmaí chearta an

duine - ‘Beirtear gach duine saor agus comhionann ina dhínit agus ina chearta’, Airt. 1. Táimid tiomanta freisin prionsabal an chomhionannais atá cumhdaithe inár gconarthaí agus dearbhuithe Náisiúnta, Idirnáisiúnta agus AE a leanúint.



